# Cúirt an Ṁeán Oíċe

Ba ġnáṫ mé ag siúl le ciúṁais na habann
Ar báinseaċ úr is an drúċt go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tslé',
Gan ṁairg, gan ṁoill, ar ḟoilse an lae.
Do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn Loċ Gréine,
An talaṁ, an tír, is íor na spéire;
Taitneaṁaċ aoibinn suíoṁ na sléibte
Ag bagairt a gcinn ṫar droim a ċéile.
Do ġealfaḋ an croí beaḋ críon le cianta,
Caite gan brí, nó líonta de ṗianta,
An séiṫleaċ searb gan sealb gan saibreas
D'ḟéaċfaḋ tamall ṫar barra na gcoillte
Ar laċain 'na scuainte ar ċuan gan ċeo
'S an eala ar a bfuaid 's í ag gluaiseaċt leo;
Na héisc le meidir ag éirí in airde,
Péirse im raḋarc go taibseaċ tarrbreac,
Daṫ an loċa agus gorm na dtonn
Ag teaċt go tolgaċ torannaċ trom.
Bíoḋ éanlaiṫ i gcrainn go meiḋreaċ móṁar
Is léimneaċ eilte i gcoillte im ċóngar,
Géimreaċ aḋairce is raḋarc ar ṡlóite,
Tréanriṫ gaḋar is Reynard rómpu.
Tréanriṫ gaḋar is Reynard rómpu.